



SHÁRMHAITHEAS

NUÁLAÍOCHT

CRUITHAITHEACHT



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008





Comisiún Forbartha an Iarthair
Teach Dillon, Bhelach an Doirin,
Co. Ros Comáin, Éire.

Fón: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 98671443

Ríomphost: info@wdc.ie

Suíomh Gréasáin: www.wdc.ie www.LookWest.ie

ÁBHAR

Brollach an Chathaoirligh	2
Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh	4
■ Réamhrá	7
■ Roinn 1: Forbairt Chothromúil Réigiúnach	11
■ Roinn 2: An Réigiún a Chur Chun Cinn	23
■ Roinn 3: Forbairt Tuaithe	27
■ Roinn 4: Ciste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair	33
■ Roinn 5: Seirbhísí Corparáideacha	35
■ Aguisíní	
Aguisín 1	40
Aguisín 2	41
Aguisín 3	42
Aguisín 4	43
■ Ráitis Neamhiniúchta Airgeadais 2008	45
■ Giorrúcháin	64

BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Réigiún an Iarthair le roinnt blianta anuas. Táim aireach áfach agus tuarascáil bhliantúil Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) don bhliain 2008 á cur i láthair agam gur bliain dúshlánach a bhí inti.

Léiríonn taithí idirnáisiúnta gur féidir le réigiún a bheith ina n-innill forbartha le haghaidh gheilleagair náisiúnta. Tá Réigiún an Iarthair lán le hacmhainní nádúrtha, agus dá ndéanfaí iad a fhorbairt go hiomlán, d'imreoidís páirt thábhachtach i dtéarnamh gheilleagrach náisiúnta. Cuireann Creat an Rialtais um Athnuachan Eacnamaíoch Inbhuanaithe *Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann*, fócas láidir ar smaointe, ar nuálaíocht agus ar na deiseanna atá sa gheilleagar glas. Is seo réimsí a bhfuil acmhainneacht suntasach ag an réigiún iontu. Cuireann Réigiún an Iarthair sárchaighdeán saoil ar fáil, tá sé tarraingteach do dhaoine cruthaitheacha agus nuálaíocha, tá lucht saothair oilte agus cuid den toilleadh giniúna fuinnimh in-athnuaite is fearr san Eoraip ann.

Beidh tiomantas rialtais leanúnach d'fhorbairt chothromúil réigiúnach bunúsach chun a chinntiú go mbainfidh an réigiún amach an acmhainneacht seo agus chun cur le fás náisiúnta. Beidh ról lárnach le himirt ag Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC), mar an ghníomhaireacht atá freagrach as forbairt shóisialta agus gheilleagrach an réigiúin a ghlacadh agus a chur chun cinn.

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) ag díriú a n-iarrachtaí eagraíochtúla sa tréimhse pleanála straitéiseacha 2007-2009, ar na príomhréimsí sin ina gcreidimid; gur féidir lena láidreachtaí agus a saineolas tairbhe a thabhairt do Réigiún

an Iarthair agus don tír go ginearálta. Sonraíonn an tuarascáil bhliantúil seo a n-éachtaí le linn na dara bliana den Phlean Straitéiseach agus táim sásta gur imir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) páirt shuntasach chun todhchaí dearfach a chruthú do mhuintir Réigiún an Iarthair le linn na bliana 2008.

Tá cúig sprioc mar bhonn agus taca ag Plean Straitéiseach Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC):

- Cur le forbairt chothromúil réigiúnach trí oibriú chun a chinntiú go mbainfidh Réigiún an Iarthair amach a acmhainneacht iomlán le haghaidh forbairt gheilleagrach agus shóisialta.
- Na buntáistí le bheith i do chónaí, ag obair agus ag déanamh gnó i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn.
- Tacú le forbairt inbhuanaithe gheilleagrach agus sóisialta an gheilleagair tuaithe.
- Caipiteal riosca a chur ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánacha (SMEs) agus d'fhiontair shóisialta.
- Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil agus éifeachtach.

Lean baill Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) lena dtiomantas don chaighdeán is airde i rialachas corparáideach a bhaint amach i gcomhréir le freagrachtaí na heagraíochta mar chomhlacht reachtúil le linn na bliana 2008. Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) i bhfeidhm na prionsabail dea-rialachais mar a leagadh amach iad i gCód Cleachtais le haghaidh rialú Comhlachtaí Stát agus iad dhá dhéanamh seo. Tá baill agus bainistíocht Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) tiomanta chun a chinntiú go bhfuil a ngníomhaíochtaí uile rialaithe ag na comaoineacha intuigthe sa Chód.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leo seo uile a d'oibrigh agus a thug tacaíocht do Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) le linn na bliana 2008, go háirithe An tUasal Éamon Ó Cuív, T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, mo chomhghleacaithe sa Choimisiún agus iad sin uile a ghlac páirt sna painéil chomhairleacha éagsúla, sna ceardlanna agus sna seimineáir a cheadaigh do Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) a sainchúram a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phoiblí, phríobháideach agus phobail.

Ba mhaith liom an Príomhfheidhmeannach, Gillian Buckley agus an fhoireann uile a mholadh as ucht a ndíograis agus a n-éachtaí le linn na bliana 2008.



Michael Farrell
Cathaoirleach

TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Tháinig athrú ó bhonn ar an gcomhthéacs gilleagrach agus sóisialta ina bhfeidhmíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) laistigh de le linn na bliana 2008 agus chuir sé seo dúshlán nua i láthair chun díriú orthu.

Bhreathnaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) riamh anall ar bhéim a chur ar neart agus acmhainní nádúrtha Réigiún an Iarthair,¹ a chaighdeán saoil, a chultúr agus a oidhreacht ar leith, comhshaol glan agus tallann agus cruthaitheacht a ndaoine, agus iad ag obair leis an rialtas agus daoine eile chun díriú ar easnaimh an réigiúin sa chaoi go mbeidh sé in ann páirt a ghlacadh go hiomlán sa gheilleagar náisiúnta.

Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) fóram ar fáil chun plé a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le sprioc náisiúnta d'fhorbairt chothromúil réigiúnach a sheachadadh ag comhdháil d'ardleibhéal i mí Bealtaine 2008. Bhí sé soiléir óna cainteanna go mbraitheann ceapadh beartais ar bhonn fianaise ar thaighde iontaofa agus ar anailís, agus cuideoidh ár bhfoilsíú de réimse cuimsitheach staitisticí déimeagrafacha agus socheacnamaíocha do Réigiún an Iarthair ag úsáid sonraí ó Dhaonáireamh na bliana 2006 leis seo.

Cheadaigh an anailís ar shonraí an daonáirimh do Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) na ceantair saothair agus na pátrúin comaitéireachta atá ag bailte sa réigiún a aithint freisin, ag cur eolas fiúntach ar fáil d'fhostóirí ionchais, do

ghníomhaireachtaí forbartha, do údaráis áitiúla agus do sholáthraithe iompair.

Le hathrú sa staid gheilleagrach i dtreo deireadh na bliana 2008, scrúdaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) tionchar an lagtrá gilleagrach ar fhostaíocht agus ar dhífhostaíocht i Réigiún an Iarthair. Cruthaíonn struchtúr na fostaíochta sa réigiún, le spleáchas níos airde ar an earnáil phríomhúil, ar phoist thógála agus déantúsaíochta leochaileacht ar leith i lagtrá gilleagrach. Beidh sé seo mar dhúshlán mór do Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) agus do lucht déanta beartas sna blianta seo amach romhainn.

Lean Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) orthu sa bhliain 2008 ag leagan béim ar thábhacht infheistíocht chun feabhas a chur ar infreastruktúr rochtana an réigiúin: bóthar; iarnród; aer idirnáisiúnta; agus teileachumarsáid leathanbhanda. Cé go bhfuil srianta ar airgeadas poiblí, bainfidh infheistíocht in infreastruktúr Réigiún an Iarthair díbhinní suntasacha amach agus cuideoidh sé chun beartas an Rialtais ar fhorbairt chothromúil réigiúnach a sheachadadh.

Is dearbh riachtanas é infreastruktúr fuinnimh ardchaighdeán d'aon réigiún chun dul san iomaíocht go domhanda. Tá sé criticiúil ach go háirithe do Réigiún an Iarthair chun gur féidir leas iomlán a bhaint as a acmhainneacht fuinnimh

¹ Contaetha Dhún na nGall, Liatroim, Sligeach, Ros Comáin, Maigh Eo, Gaillimh agus an Clár.

in-athnuaite. Creideann Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) go gcuirfeadh leathnú ar an bpíblíne gáis nádúrtha Siar ó Thuaidh go mór le forbairt an réigiúin, chomh maith le tacú le giniúint in-athnuaite. Chuige sin, d'ullmhaíomar ráiteas mionsonraithe ar Staidéar Féidearthachta Gáis chuig an Iarthuaisceart, á choimisiúnú ag an Roinn Fuinnimh agus thugamar faoi obair bhreise chun tacú leis an gcás don infheistíocht seo.

Páirt bhunúsach de Phlean Straitéiseach Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) é cur chun cinn na buntáistí le bheith i do chónaí, ag obair agus ag déanamh gnó i Réigiún an Iarthair. Príomh-mheicníocht chun an teachtaireacht seo a sheachadadh é feachtas LookWest.ie. Léirigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) seacht bhfiontar dúchasacha an-rathúil a fheidhmíonn as Réigiún an Iarthair i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla an réigiúin sa bhliain 2008. Cuireann na fiontair seo le teachtaireacht LookWest.ie a fheidhmíonn go rathúil as Iarthar na hÉireann le rochtain ar líon saothair cumasach, costais níos ísle agus ardchaighdeán saoil. Faigheann an fechtas tacaíocht ón suíomh gréasáin LookWest.ie a ndearnadh uasghrádú uirthi sa bhliain 2008.

Mar gheall go gcónaíonn 68% de dhaoine an réigiúin i limistéir tuaithe, tá forbairt tuaithe lárnach i ngníomhaíochtaí Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC). Oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) i gcomhpháirtíocht le daoine eile chun tionscadail nuálaíocha a chur chun cinn a d'fhéadfadh poist agus ioncam a chur ar fáil i limistéir tuaithe. Dhírigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) ar dhá earnáil le hacmhainneacht shuntasach do limistéir tuaithe sa bhliain 2008; fuinneamh in-athnuaite agus an earnáil chruthaitheach. Aithníodh an dá earnáil seo mar ghné chriticiúil de thodhchaí na hÉireann i

gCreat an Rialtais um Athnuachan Eacnamaíoch Inbhuanaithe *Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann*.

Dá gcuirfí i bhfeidhm Straitéis Fuinnimh Adhmaid agus Plean Gníomhaíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC), chruthófaí 900 post coibhéis lánaimseartha roimh an mbliain 2020 agus sheachadfaí coigiltis de 619,000 tonna d'astuithe CO₂. Tugadh trí thionscadal chun críche faoin bPlean Gníomhaíochta le linn na bliana 2008.

Thug Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) faoi thaighde bonnlíne freisin ar an earnáil chruthaitheach i Réigiún an Iarthair chun an staid reatha agus na dúshláin le haghaidh fás sa todhchaí a chinntiú. Léirigh an taighde go n-oibríonn 11,000 duine go díreach san earnáil sa réigiún (3% d'fhostaíocht iomlán). Ar bhonn taithí idirnáisiúnta, tá an acmhainneacht i Réigiún an Iarthair chun 2,000 post breise ar a laghad a chruthú san earnáil seo. Gineann an earnáil chruthaitheach éifeachtaí iarmharta chomh maith a thiomáineann nuálaíocht trasna an gheilleagair níos leithne agus cuireann earnáil chruthaitheach láidir go mór le tarraingteacht an réigiúin le haghaidh oibrithe ardoilte agus turasóirí.

Breathnaítear ar fhorbairt fiontair dhúchasacha d'ardluach a chuireann poist mhaithe ar fáil go forleathan mar ghné an-tábhachtach de théarnamh geilleagrach na hÉireann. Sprioc ar leith den chreat um athnuachan eacnamaíoch é fáil a bheith ar chaipiteal le haghaidh fiontair dianthaighde nua-thionscanta. Cuireann Ciste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) cistiú mar seo ar fáil i Réigiún an Iarthair agus is foinse chriticiúil sölchaipitil agus caipiteal fiontair é agus tá sé ar cheann de dhá chiste bunaithe sa réigiún. Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) isteach ar shíneadh

ar a fhaomhadh stáitchabhair sa bhliain 2008 chun an Ciste Infheistíochta a fheidhmiú go dtí an bhliain 2013. Thug an Coimisiún Eorpach an faomhadh seo in Eanáir na bliana 2009.

Rinne Ciste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) infheistíocht de €5.7 milliún i 14 fiontar ó réimse leathan earnálacha sa bhliain 2008; eolaíocht bheatha; teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT); déantúsaíocht d'ardteicneolaíocht; bia; agus dobharshaothrú. Díríonn straitéis infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) ar nuálaíocht agus ar smaointe, ar fhiontair a úsáideann teicneolaíocht ghlan agus iad sin a úsáideann na hacmhainní nádúrtha inár réigiún.

Measann Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) gur samhail iontach é a gCiste Infheistíochta i luach a gcuid airgid don Státchiste. Ní hamháin go bhfuil sé ag tacú le forbairt fiontar, cruthú fostaíochta agus an caighdeán saoil a fheabhsú do phobail áitiúla, déanfaidh sé é seo ar bhonn costais neodrach. Tá €4 mhilliún tagtha ar ais sa Chiste cheana féin trí aisíocaíochtaí iasachtaí agus torthaí rathúla ó infheistíochtaí a rinneadh agus athinfheistíodh é seo ar ais isteach sa Réigiún.

Cuireann an ghéarchéim domhanda gheilleagrách agus airgeadais i láthair na huairé timpeallacht oibriúcháin agus maoinithe an-deacair i láthair do ghnólachtaí uile. Tá sé seo fíor chomh maith do chomhlachtaí punainne Chiste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC). Déanann Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) infheistíocht ag an staid nua-thionscanta agus luath de shaolré an ghnólachta, nuair is amhlaidh is mó an ráta teipeanna. Is í réaltacht aon síol agus punann luathchéime gur luaithe a fheictear teipeanna ná rath agus is san fhadtréimhse

amháin is féidir feidhmíocht de phunann mar seo a mheas.

Príomhspríoc inár bPlean Straitéiseach 2007-2009 Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil agus éifeachtach. Déanaimid dianiarracht chun cloí le riachtanais reachtacha uile, nuachóiriú san earnáil phoiblí agus dea-chleachtas i réimsí mar rialachas corparáideach, bainistíocht airgeadais, acmhainní daonna agus cúram custaiméirí.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an gCathaoirleach, Michael Farrell, agus baill an Choimisiúin as ucht a ndílseacht, leis an fhoireann as ucht a bpaisean agus a ndíograis d'fhorbairt an Iarthair, agus leis an Uasal Éamon Ó Cuív, T.D., an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus a oifigigh as ucht a dtacaíocht leanúnach d'obair Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC).

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) an-tiomanta fós d'obair i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, phríobháideach agus phobail chun forbairt shóisialta agus gheilleagrách Réigiún an Iarthair a chur chun cinn. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis na heagraíochtaí sin uile agus na daoine aonair a d'oibrigh linn sa bhliain 2008.

Gillian Buckley



Gillian Buckley
Príomhfheidhmeannach

RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Baill an WDC agus Príomhfheidmeannach

Fís Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC)

Réigiún an Iarthair muiníneach agus uailmhianach a fhorbairt, áit a dtugtar luach saothair ar sármhaitheas, ar nuálaíocht agus ar chruthaitheacht agus tugtar luach agus cosnaítear an caighdeán saoil saibhir, an comhshaol glan agus an oidhreacht uathúil.

Ár Misean

A bheith ina ngníomhaireacht aitheantais do Réigiún an Iarthair chun cabhrú tógáil ar láidreachtaí an réigiúin, dul i ngleic le laigí agus cáil sármhaitheasa a chruthú.

Feidhmeanna Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC)

Feidhm lárnach Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) ná forbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair a chur chun cinn. Díríonn sé, ach go háirithe ar earnálacha táirgiúla, ar infreastruchtúr agus ar phobail tuaithe an réigiúin. Oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) chun a chinntiú go meastar leasanna Réigiún an Iarthair ag na leibhéil is airde sa rialtas.

Tá an eagraíocht freagrach as bainistiú agus riaradh Chiste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC). Téann an ciste tiomanta seo i ngleic leis an mbearna maoinithe a bhíonn ag gnóthais bheaga agus mheánacha (SMEs) agus ag fiontair shóisialta sa réigiún trí soláthar caipiteal riosca, gnáthscair agus iasachtaí ar fhoras tráchtála.


Struchtúr Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC)

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) déanta suas as dhá bhall déag a cheapann an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An tUasal Éamon Ó Cuív, TD (féach *Aguisín 1* le haghaidh liosta den bhallraíocht reatha).

Faigheann an Coimisiún tacaíocht uaidh fhoireann bheag feidhmeannais, atá lonnaithe i dTeach Uí Dhiolúin, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Tá foireann lárnach buan de 15 duine ann, le saineolas in anailís bheartais, forbairt réigiúnach agus tuaithe, infheistíocht agus riarachán.

Bailíonn an eagraíocht tacaíocht chuici féin ó phainéil chomhairleacha speisialta, le hionadaíocht ón earnáil phoiblí, phríobháideach agus dheonach chun cuidiú le tionscadail áirithe (féach *Aguisíní 2 and 3*).

Struchtúr Eagraíochtúil



Aidhmeanna Straitéiseacha Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) 2007-2009

- Cur le forbairt chothromúil réigiúnach trí oibriú chun a chinntiú go mbainfidh Réigiún an Iarthair amach a acmhainneacht iomlán le haghaidh forbairt gheilleagrach agus shóisialta.
- Na buntáistí le bheith i do chónaí, ag obair agus ag déanamh gnó i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn.
- Tacú le forbairt inbhuanaithe gheilleagrach agus shóisialta an gheilleagair tuaithe.
- Caipiteal riosca a chur ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánacha (SMEs) agus d'fhiontair shóisialta.
- Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil agus éifeachtach.

ROINN I



FORBAIRT CHOITHROMÚIL RÉIGIÚNACH

FORBAIRT CHOITHROMÚIL RÉIGIÚNACH

Cur le forbairt choithromúil réigiúnach trí oibriú chun a chinntiú go mbainfidh Réigiún an Iarthair amach a acmhainneacht iomlán le haghaidh forbairt gheilleagrach agus shóisialta.

Anailís Bheartais agus Tionscnaimh Thaighde

Thug Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) faoi chúig thionscnamh thábhachtach le linn na bliana 2008 chun an aidhm straitéiseach seo a bhaint amach. Dearadh iad seo chun béim a chur ar acmhainneacht an réigiúin agus anailís a dhéanamh ar thionchar na dtreochtaí gheilleagracha agus shóisialta éagsúla.

Comhdháil Bheartais

Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) 2008



I láthair ag Comhdháil ar 'Forbairt Choithromúil Réigiúnach: Dushlán do Pholasaí' bhí Michael Farrell Cathaoirleach CFI, an tUasal Eamonn Ó Cuív T.D., An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an Dochtúr Patricia O'Hara, CFI agus Gillian Buckley PF.

Reáchtáladh comhdháil bheartais *Forbairt Chothromúil Réigiúnach a Sheachadadh: Dúshlán le hAghaidh Beartas* ar an 23 Bealtaine 2008. Sheachaid príomh-lucht déanta beartas, lucht acadúil agus foireann beartais Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) príomhpháipéir.

Rinne lucht féachana ard-leibhéal a raibh cuireadh faighte acu freastal maith ar an gcomhdháil, lena n-áirítear Ard-Rúnaithe agus rúnaithe cunta sna ranna rialtais, príomhfheidhmeannaigh ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, bainisteoirí contae, príomh lucht acadúla agus ceannairí réigiúnacha. Tá fáil ar imeachtaí na comhdhála ag: www.wdc.ie



Réigiún an Iarthair: Príomh staitisticí

D'fhoilsigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) *Réigiún an Iarthair: Príomhstaitisticí*, cuntas gairid sóisialta agus gheilleagrach de Réigiún an Iarthair i mí Feabhra na bliana 2008. Le foilsiú Dhaonáireamh na bliana 2006, bhí deis ag Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) chun réimse cuimsitheach staitisticí déimeagrafacha agus socheacnamaíocha cothrom le dáta do Réigiún an Iarthair a chur le chéile.

Áirítear sa chuntas seo, sonraí agus treochtaí ar dhaoine, fostaíocht, oideachas, ioncam, fiontar, earnálacha geilleagracha agus infreastruchtúr i Réigiún an Iarthair. Déantar forlíonadh, más cuí ar shonraí an Daonáirimh le heolas ó fhoinsí eile chun pictiúr níos iomláine a chinntiú.

Tá éileamh mór ar an bhfoilseachán seo agus é i gcló don dara huair faoi dheireadh na bliana. Is féidir é a íoslódáil ó: www.wdc.ie

Taisteal chun na hOibre agus Margaí Saothair Réigiúnacha

Rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) coimisiúnú ar thaighde chun anailís leathan a chur ar fáil faoi cheantair saothair sna bailte i Réigiún an Iarthair agus na pátrúin comaitéireachta atá acu sin atá ag obair.

Tugadh coimisiúnú don Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NISRA) in Ollscoil na hÉireann Má Nuad chun anailís a dhéanamh ar shonraí an ábhair seo, atá curtha le chéile ag an bPríomh-Oifig Staidrimh ó Dhaonáireamh na bliana 2006. Is leis an Daonáireamh seo a bhí fáil ar shonraí a cheangail an áit oibre agus áit chónaithe an daonra fostaithe den chéad uair riamh.

Chun go mbeidh fáil ag an lucht féachana níos leithne ar an anailís a thagann as seo, foilseoidh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) torthaí

ar leith sa bhliain 2009 bunaithe ar an taighde seo. Áirítear leo seo tuairisc a aithníonn ceantar saothair na seacht bpríomhbhailte i Réigiún an Iarthair agus anailís ar na tréithe socheacnamaíocha atá acu sin uile a oibríonn agus a chónaíonn sa cheantar limistéir. Cuirfidh sé seo eolas fiúntach ar fáil d'fhostóirí ionchais, do ghníomhaireachtaí forbartha, do na húdaráis áitiúla agus do sholáthraithe iompair.

Mar chuid de theagmháil Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) le hathbhreithniú na Straitéise Spáis Náisiúnta (NSS), cuirfear achoimre ar an anailís faoi phatrúin taistil chun na hoibre i dTairsí, i Moil agus i mbailte eile suite i Réigiún an Iarthair faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.


Staidéar Athlonnaithe

Cé go bhfuil stair mhór athlonnaithe poist san earnáil phoiblí in Éirinn – a lán de chuig bailte i Réigiún an Iarthair- is beag eolas atá ann faoin tionchar atá aige orthu seo a bhogann nó ar an ngeilleagar agus an sochaí áitiúil. Chuige sin chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) tús le staidéar taiscéalaíoch ar an ábhar sa bhliain 2008.

Tar éis cainteanna leis na Ranna atá i gceist, aithníodh athlonnú na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (DCRAGA) agus cuid den Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh (DSFA) chuig Réigiún an Iarthair mar na cás-staidéir is feiliúnaí.

Taispeánann an tuairisc a leanas *Ag bogadh don Iarthar: Staidéar Taiscéalaíoch ar na Tionchair Shóisialta agus Gheilleagrach ar Athlonnú Oifigí san Earnáil Phoiblí chuig Bailte i Réigiún an Iarthair* go soiléir an tionchar suntasach sóisialta agus gheilleagrach a tháinig le hathlonnú na bpoist go dáta, i dtéarmaí fostaíocht dhíreach, indéalach agus spreagtha agus Comhlán Breisluacha. Réamh-mheasann sé an tionchar iomlán freisin nuair a athlonnaítear na poist uile a beartaíodh do na hoifigí seo. Cuireann anailís faoin fáth a roghnaíonn daoine bogadh, a dtaitheath athlonnaithe agus an tionchar níos leithne ar gach ceann de na bailte go mór leis na tionchair cainníochtúla seo.

Ba é an caighdeán saoil an spreagadh is láidre dóibh seo a bhog, agus neartaíonn sé seo an fianaise as feachtas Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) LookWest.ie agus as suirbhéanna dearcaidh, fuarthas amach gur mhaith le daoine atá ag obair in áiteanna eile an seans chun bogadh nó filleadh ar ais ar Réigiún an Iarthair. Na príomhchúiseanna bunúsacha ná an deis chun saol gan an oiread struis a chaitheamh le comaitéireacht níos éasca chun na hoibre, a bheith in ann cónaí i dtimpeallacht tuaithe agus a bheith níos cóngaraí don teaghlach agus don phobal. Is féidir an tuairisc a íoslódáil ó: www.wdc.ie



Fostaíocht agus Dífhostaíocht

Scrúdaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) an tionchar atá ag an lagtrá eacnamaíoch ar fhostaíocht agus ar dhífhostaíocht i Réigiún an Iarthair i dtreo dheireadh na bliana seo caite.

An chéad thoradh a bhí ar an gcleachtadh seo ná páipéar faisnéise a léiríonn an struchtúr fostaíochta i Réigiún an Iarthair agus treocheartaí fostaíochta don tréimhse 2000 go 2008. Taispeánann an páipéar seo na dúshlán ar leith atá ar an réigiún dul i ngleic leo sa lagtrá eacnamaíoch reatha seo agus tá fáil air ar: www.wdc.ie Seo a leanas roinnt de na príomhthreocheartaí:

- Fás suntasach ar an líon daoine fostaíthe i Réigiún an Iarthair le linn 2000-2008, le hathrú suntasach i bhfostaíocht amach ó thalmhaíocht agus tionscail agus i dtreo seirbhísí, san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon.

- Na hearnálacha is mó a fhostaíonn an líon is airde oibrithe sa réigiún sa bhliain 2008 ná an trádáil mhiondíola agus mhórdhíola, déantúsaíocht, agus tionscail na tógála; bhí spleáchas ard ar fhostaíocht san earnáil phoiblí chomh maith, go háirithe do mhná.
- Tháinig ardú níos mó ná dhá thrían ar an líon daoine ar an mbeochlár sa bhliain Nollaig 2007-2008, a léiríonn ach go háirithe an titim sa líon daoine fostaíthe i dtionscail na tógála.

Ardaíonn an struchtúr fostaíochta i Réigiún an Iarthair a leochaileacht i lagtrá eacnamaíoch. Tagann líon níos mó daoine fostaíthe in earnálacha a bhíonn íseal i scileanna agus íseal i mbreisluach agus líon níos lú fostaíthe sna hearnálacha le scileanna níos airde agus breisluach ard le chéile chun dúshlán ollmhór a chur os comhair Réigiún an Iarthair agus Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) sna blianta atá amach romhainn.



Infreastruchtúr

Infreastruchtúr Iompair

Tugadh cuireadh do Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) i mí Meán Fómhair chun aghaidh a thabhairt ar an gComhchoiste Oireachtais ar Iompar. Ina aighneacht *Ról an Iompair i bhforbairt Réigiúin an Iarthair*, leag Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) béim ar thábhacht leanúint

ar aghaidh le hinfheistíocht in infreastruchtúr bóithre, iarnróid agus iompar aeir idirnáisiúnta. Leag sé béim ar thábhacht fáil a bheith ar bhealaí rochtana d'ardchaighdeán chun infheistíocht sa réigiún a mhealladh agus a choinneáil.



Ag an gComhchoiste Oireachtais um Infreastruchtúr: An Dr. Patricia O'Hara, Anailísí Polasaí CFI, Gillian Buckley POF WDC, An tUasal. Pat the Cope Gallagher TD, Cathaoirleach an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Ealaíona, Spóirt, Turasóireacht, Pobail, Tuaithe & Gaeltachta, An tUasal John O'Mahoney TD agus Ian Brannigan, Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí, CFI.

Bóithre

Lean Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) orthu ag cur béim ar thábhacht infreastruchtúr bóithre d'fhorbairt gheilleagrach an réigiúin agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn in infheistíocht i mbóithre náisiúnta le linn na bliana 2008.

Cé nár cuireadh i gcríoch aon mhórtionscadail bóithre náisiúnta laistigh den réigiún le linn na bliana 2008, tugann Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) dá aire gur déanadh dul chun cinn suntasach ar mhótarbhealach an M6 a cheanglaíonn Baile Átha Cliath le Gaillimh. Críochnaíodh cuid Cill Bheagáin- Baile Átha Luain den mhótarbhealach, a luíonn díreach taobh amuigh den réigiún. Tá an obair thógála ag leanúint ar aghaidh ar an gcuid eile, agus tá an bealach nua ar sceideal le bheith críochnaithe roimh an mbliain 2010, mar a beartaíodh.

Ba chúis imní i mí Deireadh Fómhair é tionscadal N18 Gort-Órán Mór a chur siar, páirt lárnach de Chonair Bhóthar an Atlantaigh. Bhí sé seo ceaptha tosú sa bhliain 2008 chomh maith le tionscadal N18 Croisín-Gort, tá an chuid seo curtha siar le haghaidh bliain ar a laghad. Léirigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) imní freisin faoi na hamlínte le haghaidh uasghrádú an phríomhbhóthair náisiúnta N5/N26 a fhreastalaíonn ar Ros Comáin agus Maigh Eo, an N16 a cheanglaíonn na bailte tairsí Sligeach agus Dún Dealgan, agus cuid de Chonair Bhóthar an Atlantaigh ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe.



Seachród Béal Átha Seannaidh, Co. Dún na nGall

Iarnród

Rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) monatóireacht ar fhorbairtí in infreastruchtúr iarnróid i Réigiún an Iarthair sa bhliain 2008 agus d'úsáid sé a chur i láthair don Chomhchoiste Oireachtais ar lompair chun béim a chur ar leasanna agus acmhainneacht an mhodh iompair seo. Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) fáilte roimh fheabhsuithe i seirbhísí agus i rothstoc ar bhealaí náisiúnta chuig Réigiún an

Iarthair, chuir sé béim ar an ngá le haghaidh seirbhísí d'archaighdeáin ar Bhealach Iarnród an Iarthair agus gach céim ag teacht i ngníomh, ag tosú sa bhliain 2009. Léirigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) freisin acmhainneacht an ghréasáin iarnróid nach bhfuil bainte amach fós chun tacú le trácht lastais agus brú tráchta a laghdú ar an ngréasán bóithre.



Rochtain Aeir Idirnáisiúnta

Ina chur i láthair don Chomhchoiste Oireachtais ar Iompar, chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) béim freisin ar thábhacht iompar aeir do Réigiún an Iarthair, go háirithe rochtain aeir idirnáisiúnta. Tá Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire i dtuaisceart an réigiúin agus Aerfort na Sionainne ó dheas thar a bheith tábhachtach chun gnólachtaí agus turasóireacht a choinneáil agus a fhás sa réigiún.

Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) fáilte roimh an bhfógra go bhfuil Aer Lingus chun seirbhísí aeir dhíreacha a thabhairt ar ais idir Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire agus Gatwick i Londain, agus Aerfort na Sionainne agus Heathrow i Londain. Tá súil tús a chur leis na seirbhísí seo go luath sa bhliain 2009 agus iad thar a bheith tábhachtach chun feabhas a chur ar rochtain díreach aeir le haghaidh gnólachtaí agus tomhaltóirí i dtimpeallacht gheilleagrach níos deacra.



Infreastruchtúr Fuinnimh

Tá infreastruchtúr d'archaighdeáin fuinnimh riachtanach le haghaidh fás geilleagrach agus le haghaidh forbairt Réigiún an Iarthair. Tá sé tábhachtach, ach go háirithe d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite, áit a bhfuil acmhainneacht suntasach

ag an réigiún. Scrúdaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) saincheistanna infreastruchtúir, beartais agus rialála sa bhliain 2008 mar a bhíonn tionchar acu ar infreastruchtúr fuinnimh.

Gás Nádúrtha

Cé go bhfuil leathnú suntasach tagtha ar an ngréasán gáis nádúrtha mórthimpeall na hÉireann le blianta beaga anuas, fós níl rochtain ag an Iarthuaisceart ar an infreastruchtúr seo. Creideann Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) go gcuirfeadh infreastruchtúr gáis nádúrtha go mór le forbairt an réigiúin agus tá ról le himirt aige i dtacú le giniúint in-athnuaite.

D'ullmhaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) ráiteas mionsonraithe ar an Staidéar Féidearthachta, a choimisiúnaigh an Roinn Fuinnimh (DCENR) chun gás a thabhairt chuig an Iarthuaisceart. Scrúdaigh an staidéar seo an fhéidearthacht, na costais agus na leasanna chun an píblíne gáis nádúrtha a leathnú ó Phíblíne Mhaigh Eo-Gaillimh go Sligeach (trí thrí shlí dhifriúil) agus ar aghaidh go baile Dhún na nGall. Seoladh tuairimí Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) chuig an Roinn agus lean Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) orthu ag déanamh cáis don infheistíocht seo le linn na bliana 2008.

Ag leanúint ón obair seo, rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) coimisiúnú ar roinnt anailísí teicniúla breise. Áirítear leo seo scrúdú ar thionchar an fhorbartha ar fhuinneamh in-athnuaite, áis giniúna gásadhainte solúbtha a bheidh suite cóngarach do ghiniúint gaoithe, agus ríomhadh ar na coigiltis costais measta a d'fhéadfaí a dhéanamh trí athrú go gás nádúrtha do na húsáideoirí uile le linn an bhealaigh molta.

Ullmhaíodh trí chás-staidéar de chomhlachtaí chomh maith, a rinne comparáid idir a gcostais fuinnimh le agus gan, gás nádúrtha. Léiríonn na samplaí seo na tionchair dhiúltacha iomaíocha ar chomhlachtaí nach féidir leo rochtain a bheith acu ar ghás nádúrtha.

Leanfaidh Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) orthu ag obair sa réimse seo sa bhliain 2009 nuair a rachaidh sé i dteagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha ar thorthaí na hoibre seo.



Leictreachas

Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) béim ar shaincheistean infreastuctúir leictreachais agus rialála sa bhliain 2008 a mbíonn tionchar acu ar Réigiún an Iarthair de thoradh cúpla cúis straitéiseach.

Tá infreastuctúr d'ardchaighdeán, iontaofa riachtanach chun fiontair a choinneáil agus a mhealladh chuig Réigiún an Iarthair. Ní féidir déanamh dá uireasa, áfach má tá acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite an réigiúin le tabhairt faoi deara sa todhchaí. Tá súil go mbeidh breis agus 40% de thoilleadh giniúna in-athnuaite na hÉireann sa réigiún roimh an mbliain 2025

ach braitheann sé seo sa deireadh ar chóras leictreachais maith a bheith ann le haghaidh tarchur go dtí úsáideoirí deiridh.

Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) fáilte roimh sheoladh EirGrid *Grid 25*, i bhFómhar na bliana 2008, straitéis le haghaidh forbairt an ghreille leictreachais go dtí an bhliain 2025. Tá infheistíocht de níos mó ná €1 billiún i Réigiún an Iarthair i gceist leis an straitéis seo chun dul i ngleic le heasnamh sa ghreille agus chun cuidiú le tarchur fuinnimh in-athnuaite ó fhoinsí gaoithe agus farraige araon.



Teileachumarsáid

Le linn na bliana 2008, tharraing CFI aird ar an 'bhearna digiteach spásúil' laistigh d'Éire agus thug siad réiteach nualach ar an gcaoi chun an bearna a dhúnadh sna blianta atá amach romhainn.

I ré nuair atá leathanbhanda d'ardchaighdeán ar phraghas réasúnta rithabhachtach d'fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta, bhí CFI imníoch go raibh dul chun cinn maidir le seirbhísí a sholáthar ar cheantair tuaithe i Réigiún an Iarthair teoranta i 2008.

Adhmaíonn CFI go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta i rolláil amach seirbhísí leathanbhanda go náisiúnta agus i lárionaid réigiúnacha níos mó ag úsáid teicneolaíochtaí seasta gan sreang agus teicneolaíochtaí soghluaiste. Nuair atá leathanbhanda ar fáil i gceantair tuaithe, áfach, is

féidir le seirbhísí a bheith neamhrialta, éagobhsaí agus cumas teoranta a bheith acu.

Creideann CFI go gcuireann an t-athrú ó theilifís analógach go teilifís digiteach deis úrnua ar fad ar fáil chun an 'bhearna digiteach spásúil' a laghdú. D'féadfadh an t-athrú seo 25-30% den speictream sa bhanda craoltóireachta UHF a chur ar fáil chun é a úsáid. Mhol an Coimisiún gur chóir do sholáthar rochtain leathanbhanda d'ardchaighdeán ar cheantair tuaithe a bheith sainithe mar cheann de na príomh-úsáidí den spás speictrim seo.

Leag CFI béim ar na mórcheistean seo in aighneacht chuig Comhairle leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmmhainní Nádurtha ar Bheartas Speictrim. Is féidir an aighneacht a íoslódáil ó: www.wdc.ie

ROINN 2



AN RÉIGIÚN A CHUR CHUN CINN

AN RÉIGIÚN A CHUR CHUN CINN

Na buntáistí atá ag baint le maireachtáil, obair agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn

An Feachtas LookWest.ie

Ba í 2008 an bhliain is gnóthaí fós don fheachtas LookWest.ie. Cuireann LookWest.ie eolas ar fáil agus cuireann sé béim ar na buntáistí a bhaineann le bogadh chuig Réigiún an Iarthair d'fhostóirí agus d'fhostaithe. I measc na mbuntáistí, tá lucht oibre, le go leor scileanna, ar fáil agus timpeallacht ghnó an-tarraingteach chomh maith le caighdeán maireachtála níos fearr, níos lú tráchta agus costas maireachtála níos ísle.

Bhí méadú suntasach i líon na ndaoine a thugann cuairt ar an suíomh gréasáin le haghaidh eolais chun cúnamh a thabhairt dóibh cinneadh a dhéanamh agus an bogadh chuig Réigiún an Iarthair a phleanáil. Thug beagnach 150,000 duine cuairt ar LookWest.ie i 2008. Léirigh sé

seo méadú de 15% ar fhigiúirí na bliana 2007 agus ciallaíonn sé sin gur thug 423,127 duine cuairt ar an suíomh gréasáin ó seoladh é i mí na Samhna 2004.

Ba í comhpháirtíocht CFI le húdaráis áitiúla an réigiún, chun na buntáistí agus na sochair a bhaineann leis an réigiún a chur in iúl, an príomhchúis gur éirigh go maith leis an bhfeachtas LookWest.ie Ní hamháin gur dhírigh an chomhiarracht seo ar dhaoine aonair atá ag iarraidh bogadh go dtí an réigiún mar gheall ar dheiseanna fostaíochta ach fiú amháin níos tábhachtaí, dhírigh sé ar úinéirí gnó atá ag breathnú ar an réigiún mar láthair ionchas d'fhiontraíocht agus do ghnó.



Gillian Buckley POF Coimisiún Forbartha an Iarthair agus an tUasal Éamonn Ó Cuív T.D., An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.

Baineadh amach éachtaí suntasacha i 2008, lena n-áirítear:

- An suíomh gréasáin LookWest.ie nua dheartha a sheoladh in éineacht leis an bhfeachtas fograíochta samhraidh LookWest.ie ag deireadh mí Mheithimh. Déanadh athdhearadh agus athfhorbairt ar an suíomh chun a chinntiú go mbeadh sé go hiomhán áisiúil don úsáideoir agus chun go mbainfidh cuairteoirí barrmhaitheas as.
- Bhí an suíomh gréasáin LookWest.ie ar an ngearrliosta i dhá chatagóir ag na gradaim Golden Spider – na catagóir an *Suíomh Pobail agus Deonach is Fearr* agus an *Suíomh Ríomhsheirbhísí Rialtais is Fearr*.
- Sheol LookWest.ie Eolaire Comhlachta Réigiúnach – liosta cuimsitheach d'os cionn 11.000 comhlacht sa réigiún, a ligeann do chuardaitheoirí poist agus gnóilachtaí, comhlachtaí a lorg ag brath ar earnáil agus/nó tír.
- D'fhreastail os cionn 500 duine ar an Mórthaispeántas Poist agus Fiontraíochta LookWest.ie Ja bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí Mheán Fomhair agus bhuail siad le 40 comhlacht agus eagraíocht ón réigiún a rinne taispeántas ar an lá sin.



I láthair ag Mórthaispeántas LookWest.ie:


Chun tosaigh, ó chlé: Shirley Kiernan Bainisteoir Margaíochta, Collins McNicholas, Louise Mulligan, Comhairleoir Earcaíochta, Collins McNicholas, Joanne Grehan, Feidhmeannach Forbartha Réigiúnaí CFI, Angela Haran, Collins McNicholas, Ian Brannigan Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí CFI.

Ar chúil: Colman Collins, Bainisteoir Stiúrtha, Collins Mc Nicholas, Paul Keyes, Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha CFI agus Niall Murray, Bainisteoir, Collins McNicholas Sligeach.C and Niall Murray, Manager, Collins McNicholas Sligo.

I rith na bliana, leag an feachtas béim ar sheacht gcomhlacht Éireannach dúchasach i Réigiún an Iarthair ó Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide go dtí cuideachtaí ilnáisiúnta rud a thaispeán gur féidir le comhlachtaí nua agus comhlachtaí atá ag forbairt bunú agus fás i Réigiún an Iarthair. Ba comhlachtaí iad seo as earnálacha ar nós feistí

leighis, cógaisíocht, déantasaíocht bunaithe ar dhearadh agus teicneolaíocht.

Lean LookWest.ie ar aghaidh ag oibriú go dlúth le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí um fhorbairt fiontraíochta agus pobail áitiúla i 2009 chun níos mó fiontraíochtaí a spreagadh le lonnú i Réigiún an Iarthair.



ROINN 3



FORBAIRT TUAITHE

FORBAIRT TUAITHE


Tacú le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta an gheilleagair tuaithe.


An Tionscadal um Fhorbairt Fuinnimh as Adhmad

D'oibrigh CFI chun a chinntiú go n-úsáideann an réigiún a n-acmhainní nadúrtha flúirseacha le haghaidh fuinnimh in-athnuaite a chruthú agus dá réir sin ag cruthú saibhris agus fostaíochta i gceantair tuaithe.

De bharr go raibh CFI, le tacaíocht ó Ghrúpa Comhairleach(féach Aguisín 3 chun baill a fheiceáil) chun tosaigh ag forbairt an *Straitéis Fuinnimh as Adhmad do Réigiún an Iarthair* i 2007, chuir siad i gcrích trí ghníomh i 2008 a bhí molta faoin Straitéis. Seo hiad:

- Anailís ar dheiseanna fiontraíochta an phobail tíolaicthe ag slabhra an tsoláthair adhmaid(ón táirgeoir breosla go dtí úsáideoir deiridh), lena n-áirítear measúnú ar na roghanna atá ag comharchumainn phobail i gceantar na Gaeltachta. D'fhoilsigh CFI, in éineacht le hÚdarás na Gaeltachta, an tuarascáil ar an tionscadal *Fuinneamh Adhmaid agus Fiontair Pobal: Eolaire*, a thugann sonraí maidir le samhlacha éagsúla fiontair pobal is féidir a bheith ann mar gheall ar fhorbairt an mhaireagaidh.
- Athbhreithniú ar ról na n-údarás áitiúla atá ag tacú leis an earnáil fuinnimh adhmaid bunaithe ar eispéireas Roinn Pobail agus Fiontraíochta le Chomhairle Contae Dhún na nGall. Is eolaire dea-chleachtais é an tuarascáil ar an tionscadal *Fuinneamh Adhmaid agus Fiontair Pobal: Cás-Staidéar Dhún na nGall* do chomhairlí contae ar fhorbairt fuinnimh adhmaid. Chuaigh CFI i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún na nGall chun an tionscadal seo a chur i gcrích.
- Athbhreithniú ar phoitéinseal margaidh atá ag cumhacht agus teas bithmhaise in éineacht(CTÉ) sa réigiún agus na buntáistí eacnamaíochta féideartha a d'féadfadh a bheith díorthaithe tríd an earnáil seo a fhorbairt. Cuireann an tuarascáil *Poitéinseal Margaidh CTÉ Bithmhaise i Réigiún an Iarthair: Athbhreithniú* eolas praiticiúil faoin mairge CTÉ ar fáil do pháirtí leasmhara príobháideacha agus poiblí agus tá súil go spreagfaidh sé ag léibhéil náisiúnta agus níos faide.





Léirigh CFI cinntí na trí tionscadail seo ag ceardlanna eolas a bhí ann i mí na Samhna agus mí na Nollag. D'fhreastail fiontraithe ionchasacha, daoine gnó, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí atá ag obair i bhforbairt áitiúla agus pobail ar na ceardlanna seo.

Leanfaidh CFI ag obair leis na páirtí leasmhara ábhartha chun an t-eolas faighte ó na tionscadail seo a roinnt agus forbairt a dhéanamh ar an gcumas agus an saineolas cruthaithe go dtí seo ag na tionscnaimh píolóta seo.

Tá tuarascálacha ar na tionscadail ar fáil le híoslódáil ó: www.wdc.ie

I mí na Nollag, ceadaiódh maoiniú ullmhúcháin tionscadail do Choimisiún Forbartha an Iarthair faoi Clár Forimill Tuaisceartach an AE (EU Northern Periphery Programme) chun aighneacht iomlán a chur isteach in Éanair 2009. Tagann tionchair ionchasacha ó chur i bhfeidhm iomlán an chlár beartaithe, lena n-áirítear:

- 900 post FTE a chruthú.
- Astuithe carbóin a laghdú de 619,000 tonna.
- Foráil €1.7 milliún go bliantiúl do phobal feirmeoireachta an réigiúin.

Earnáil na hEalaíona



I 2008, rinne CFI taighde ar earnáil na healaíona i Réigiún an Iarthair chun méid agus poitéinseal na hearnála a mheasadh go cruinn. Seo é an chéad uair ar rinneadh taighde mar seo in Éirinn.

Rinne CFI coimisiúnú ar taighde bonnlíne chun próifíl a dhéanamh ar ghnólachtaí agus chun méid agus tionchar na hearnála a fháil amach. Mar chuid dó seo, chuaigh siad i dteagmháil go díreach le hos cionn 300 gnólacht agus eagraíocht. Cuimsíonn earnáil na healaíona fiontair gníomhach i ngníomhaíochtaí éagsúla ar nós léiriúcháin Teilifíse, ceol, amharclann, ailtireacht, dearadh grafach agus reachtáil danlann.

Bunaíodh Grúpa Comhairliúcháin Tionsclaíocha in Eanáir 2008 chun a bheith ag faire ar agus ag treorú an taighde bonnlíne agus bhí comhairlí réigiúnacha ann chomh maith. Chuir an Grúpa Comhairliúcháin ionchar fiúntach ar fáil chun moltaí le haghaidh fás na hearnála a thiomáint sna blianta atá amach romhainn (féach *Aguisín 3* chun baill a fheiceáil). Is féidir an tuarascáil a tháinig de thoradh ar seo- *Taighde Bonnlíne ar na Tionsclaigh in Earnáil na hEalaíona i Réigiún Iarthair na hÉireann*- a íoslódáil ó: www.wdc.ie

Fuaireadh príomhchinní ar an taighde, lena n-áirítear:

- Fostaíonn an earnáil 11,000 duine go díreach (nó 3.1% de lucht oibre iomlán an réigiúin).
- Tá beagnach 4,800 gnólacht ag oibriú san earnáil le láimhdeachas de bheagnach €534 milliún in aghaidh na bliana.

- Is micrea-fhiontair iad an chuid is mó de ghnólachtaí, ní fhostaíonn ach 12% níos mó ná 10 nduine.
- Is fiontair dúchasacha go ginearálta iad na gnólachtaí agus tá siad leabaithe sa réigiún.
- Freastalaíonn an earnáil ar an mairge baile go príomha agus gan ach 14% d'earraí agus seirbhísí atá tairgithe á n-easportáil.

Aithníodh na príomhthosaíochtaí chun earnáil na healaíona sa réigiún a fhorbairt mar seo a leanas:

- Líonraí an chleachtas a fhorbairt le haghaidh táirgiúlachta níos éifeachtaí agus earraí agus seirbhísí ealaíona a fhorbairt chomh maith le níos mó deiseanna margaidh.
- Fás díolacháin a éascú tríd an branda *Creative West* a chur chun cinn.
- Easpórtáil a mhéadú tríd bealaí dáilte níos éifeachtaí a chur ar fáil do ghnólachtaí beaga scaipthe, atá mar thréith den earnáil seo.
- Moil ealaíona a fhorbairt trí na háiseanna atá ann cheana féin ar fud an réigiúin a úsáid chun cur ar a gcumas timpeallacht oibre le costais níos ísle a bheith ann.

Ullmhóidh CFI tuairisc achomhair bunaithe ar an taighde bonnlíne le bheith foilsithe go luath i 2009.

Turasóireacht

I rith na bliana, lean CFI ar aghaidh ag tacú le tionscadal éiceathurasóireachta trasteorann an Bhosca Ghlais, atá bunaithe ar Samhail Forbairt Tuaithe atá forbartha ag an gCoimisiún faoi Clár Turasóireachta Forbartha an Iarthair (CTFI).

I mí Eanáir, thacaigh CFI leis an gcéad *Chomhdháil Éiceathurasóireachta Uile-Oileáin* a chur an Bosca Glas ar siúl. Is é an Bosca Glas an chéad cheannphointe comhtháite éiceathurasóireachta agus leag an chomhdháil béim ar cé chomh rathúil agus atá an tionscnaimh turasóireachta tuaithe seo in ann a bheith má tá eilimintí áirithe ar fáil. I measc na n-eilimintí seo tá - páirtí leasmhara

ag obair in éineacht chun táirgí nualacha d'ardchaighdeán a fhorbairt chun caighdeáin idirnáisiúnta a bhaint amach agus teacht ar na hearnálacha a bhfuil ráta fáis ard acu.

Thosaigh CFI ag ullmhú cás-staidéar ar Thionscnamh an Bhosca Ghlais le bheith foilsithe ag tús 2009. Taispeánfaidh sé seo gur féidir aithris a dhéanamh ar Samhail Forbairt Tuaithe an CFI, ní hamháin le haghaidh tionscnaimh éiceathurasóireachta a rolláil amach ach le haghaidh tionscnaimh turasóireachta nuálacha a sheoladh ar fud na hÉireann.



Ar chúl ó chlé: Nigel Brady, POF Gníomhaireacht Fuinneamh Thuaisceart Éireann, Peter Kraneabuhl, Taisteal Inbhuanaithe Idirnáisiúnta, Garry Prosser Institiúid Thiobraid Árann

Chun tosaigh ó chlé: John Burke, Comhairleoir Greenbox, Catherine Mack, Iriseoir/Eiciscribhneoir, Ann Pollock, Desticorp, Gillian Buckley POF Coimisiún Forbartha an Iarthair, Kate Burns, Cathaoirleach Baile agus Contae (Cathaoirleach Comhdhála)

ROINN 4



CISTE INFHEISTÍOCHTA
CHOIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

CISTE INFHEISTÍOCHTA CHOIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

Caipiteal riosca a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus fiontair shóisialta.

Ciste Infheistíochta CFI

